
FOGHLAIM

# AN TIONSCNAMH EORPACH Ó NA SAORÁNAIGH

## Conas ráitis tacaíochta a bhailiú




**FOGHLAIM** – PLÉIGH – NASCADH - COMHAIRLE A LORG

# CLÁR ÁBHAIR

Forléargas 3

Sínithe ar pháipéar a bhailiú 5

Sínithe a bhailiú ar líne 7



# 1
# Forléargas

Is é an sprioc atá ann 1 mhilliún síniú ar a laghad a fháil, agus líon íosta a fháil i 7 mBallstát ar a laghad, laistigh de thréimhse **12 mhí**. I do cháil mar eagraí, beidh **6 mhí** agat ó dháta clárúcháin do thionscnaimh chun a chinneadh cén uair a chuirfear tús leis an tréimhse bliana le haghaidh bailiú ráiteas tacaíochta ar **fhoirmeacha páipéir agus/nó ar líne**. Ní mór duit an Coimisiún a chur ar an eolas maidir leis an dáta atá roghnaithe agat **10 lá oibre** ar a dhéanaí roimh an dáta sin.

Ní mór do shínitheoirí a bheith ina **saoránaigh den Aontas Eorpach** (náisiúnaigh Bhallstáit) agus sean go leor chun vóta a chaitheamh i dtoghcháin Pharlaimint na hEorpa (is é sin 18 mbliana d'aois i ngach Ballstát cé is moite den Ostair, Málta agus an Ghréig) – seachas sna cásanna sin ina bhfuil sé socraithe ag an mBallstát an aois íosta do shínitheoirí a laghdú go 16 agus ina bhfuil an Coimisiún curtha ar an eolas aige dá réir sin.

## Foirmeacha ráitis tacaíochta

Ní mór d'eagraithe **foirmeacha sonracha** a úsáid, ar foirmeacha iad atá i gcomhréir leis na samhlacha don fhoirm ráitis tacaíochta atá leagtha amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh, agus ina bhfuil an fhaisnéis uile is gá maidir leis an tionscnamh beartaithe. Ní mór an fhaisnéis sin a bheith ag teacht go hiomlán leis an bhfaisnéis faoin tionscnamh beartaithe a fhoilsítear ar shuíomh gréasáin chlár oifigiúil an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh. I gcás ina gcláraítear an tionscnamh i bpáirt, ba cheart raon feidhme an chlárúcháin a chur san áireamh sna foirmeacha faoi mar a thuairiscítear sa chinneadh ar chlárú ón gCoimisiún.

Is féidir le heagraithe ráitis a bhailiú in aon Bhallstát, in aon teanga oifigiúil de chuid an Aontais.

## Riachtanais i ndáil le sonraí

**Na saoránaigh ar mian leo tionscnamh a shíniú, iarrfar orthu roinnt sonraí pearsanta a thabhairt sna foirmeacha.**



Iarrfar an fhaisnéis seo a leanas ar gach uile sínitheoir: náisiúntacht; ainm iomlán agus sloinne agus, ag brath ar an mBallstát:

ceann amháin díobh seo a leanas

- seoladh baile iomlán agus dáta breithe (Páirt A d'Iarscríbhinn III)

nó

- uimhir aitheantais phearsanta agus uimhir/cineál an doiciméid (Páirt B d'Iarscríbhinn III).

Féadfaidh gach saoránach den Aontas Eorpach tionscnamh a shíniú beag beann ar a n-áit chónaithe.

Féadfaidh bailiú na ráiteas a bheith casta i ngeall ar na riachtanais i ndáil le sonraí. I do cháil mar eagraí, ná déan dearmad:

1. Oiliúint a chur ar na comhpháirtithe atá ag cabhrú leat na ráitis tacaíochta a bhailiú – déan cinnte go bhfuil na rialacha a bhaineann le riachtanais dhifriúla ar eolas acu, chomh maith le cén uair a mheastar síniú a bheith bailí.
2. Déan níos mó ná 1 mhilliún síniú a bhailiú i gcónaí ar eagla go measfar roinnt acu a bheith neamhbhailí – 10% sa bhreis, mar shampla.

Cé go gcuirtear de cheangal ar na heagraithe agus ar na húdaráis inniúla náisiúnta faoin Rialacháin maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh deimhin a dhéanamh de go ndéantar cosaint sonraí a áirithiú go hiomlán, ba cheart duit a chur san áireamh freisin go bhfuil seans ann go mbeidh drogall ar shínitheoirí na sonraí pearsanta go léir atá ag teastáil a thabhairt toisc go bhfuil imní orthu go mbainfear mí-úsáid as a gcuid sonraí, nó go ndíolfar na sonraí sin fiú.

Agus ráitis tacaíochta á mbailiú agat, ba cheart duit:

1. Deimhin a dhéanamh de go bhfuil na saoránaigh ar an eolas go gcaitear go han dáiríre le príobháideachas a gcuid sonraí, mar shampla trí na rialacha cosanta sonraí a mhíniú agus a mhíniú freisin nach mór don chóras ar líne ardchaighdeáin slándála a chomhlíonadh.
2. An tábhacht a bhaineann leis an bhfoirm a líonadh isteach ina hiomláine a mhíniú do na saoránaigh – má fhágann siad faisnéis ar lár, ní ghlacfar leis an ráiteas tacaíochta uathu.

Tuilleadh eolais faoi chosaint sonraí.

## Ná déan dearmad!

- Níl cead ag saoránach ráiteas tacaíochta le haghaidh tionscnaimh a shíniú ach aon uair amháin.
- Ní mór d'eagraithe an Coimisiún a chur ar an eolas maidir leis an líon ráiteas tacaíochta a bhailítear i ngach uile Bhallstát ar a laghad gach 2 mhí le linn na tréimhse bailiúcháin; agus deireadh tagtha leis an tréimhse bhailiúcháin, beidh 3 mhí ar a mhéad ag na heagraithe an Coimisiún a chur ar an eolas maidir leis an líon ráiteas tacaíochta a bailíodh chun go bhféadfar iad a fhoilsiú sa chlár.

# 2
# Sínithe ar pháipéar a bhailiú

**Ba chóir d'eagraithe tionscnaimh béim a chur ar shínithe a bhailiú as líne, chomh maith lena dhéanamh ar líne. D'éirigh le tionscnaimh áirithe méid mór tacaíochta a bhailiú trí fheachtais duine le duine.**

Cé gurb é an bealach is éifeachtaí chun síniú a thabhairt é sin a dhéanamh ar líne, seans go mbeidh sínitheoirí áirithe nach mbeifear in ann teagmháil a dhéanamh leo ach as líne, i láthair ag imeachtaí, comhdhálacha nó in áitreabh na n-eagraíochtaí tacaíochta.

Seo thíos moltaí i dtaca le sínithe ar pháipéar a bhailiú:

## An fhoirm cheart a úsáid

Chun na ráitis tacaíochta a bhailiú ar pháipéar, cinntigh go mbainfidh tú úsáid as an bhfoirm shonrach a bhaineann leis an mBallstát arb as do na sínitheoirí (i.e. tír a náisiúntachta). Tá dhá bhealach ann inar féidir leat ullmhú chuige sin: (1) Is féidir leat na foirmeacha a thógáil go díreach as Cuid A nó Cuid B d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán agus iad a comhlánú sula gcuirfidh tú i lámha na saoránach iad; nó (2) is féidir leat foirmeacha a úsáid atá saincheaptha le haghaidh gach tíre agus atá ar fáil i do 'chuntas d'eagraithe' ar shuíomh gréasáin an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh. Íoslódáil na foirmeacha comhlánaithe sin tríd an tír a roghnú, sa chaoi go bhfaighidh tú an fhoirm ábhartha (Páirt A nó B d'Iarscríbhinn III), agus teanga ábhartha na foirme a roghnú.

Is é an dara rogha an ceann a mholtar, toisc go bhfágfaidh an fhoirm réamhlíonta go mbeidh tuiscint agat ar na cineálacha sonraí is gá do shaoránaigh ó Bhallstáit éagsúla a thabhairt agus do thionscnamh á síniú acu.

Tá an Ballstát a sheolfar an fhoirm chuige lena fíorú luaite ar gach foirm, agus ná dearmad: **ní fhéadfaidh saoránaigh tionscnamh a shíniú ach ar fhoirm Bhallstát a náisiúntachta!**



## Do chuid foirmeacha treoraithe féin a ullmhú

Ós rud é gur féidir le foirmeacha páipéir a bheith deacair le húsáid, ba chóir duit smaoineamh ar bhealaí chun treoir chúramach shoiléir a thabhairt do shaoránaigh chun an fhoirm a líonadh isteach gan aon fhaisnéis a fhágáil ar lár a d'fhéadfadh an síniú uathu a fhágáil neamhbhailí.

Mar shampla, is féidir leat achoimre aon leathanaigh a chur ar chúl na foirme ina ndéantar achoimre ar an tionscnamh, ina bhfuil treoir chun í a shíniú, agus an seoladh is ceart na foirmeacha sínithe a sheoladh chuige. Má dhéantar iad a phriontáil ar an dá thaobh is féidir leat an cur síos a bheith ar thaobh amháin agus an fhoirm a bheith ar an taobh eile.

## Trí leid chun sínithe neamhbhailí a sheachaint

Tá trí phríomhrud is cóir do na heagraithe a choinneáil i gcuimhne le deimhin a dhéanamh de go mbeidh an fhoirm bailí:

- Ní mór do shínitheoirí CEANNLITREACHA a úsáid;
- Ní mór do shínitheoirí gach colún ar an bhfoirm a líonadh isteach;
- Tá sé tábhachtach a shonrú go soiléir cé mhéad daoine ar féidir leo an fhoirm a líonadh amach, d'fhonn botúin a sheachaint.

## Leideanna

Bíonn deis den scoth ann ag imeachtaí tacaíocht a fháil don tionscnamh. Seo roinnt leideanna chun an líon is mó sínithe páipéir is féidir a bhailiú ag do chuid imeachtaí:

- Roghnaigh áit ar leith ag an imeacht inar féidir le baill de do ghrúpa d'eagraithe deimhin a dhéanamh de go líonfaidh na saoránaigh isteach na foirmeacha páipéir i gceart.
- Priontáil amach póstaer A3 a tharraingeoidh aird na súl, chun saoránaigh a mhealladh chun na cúise atá agat, agus foirm 'shamplach' A3 ar pháipéar le treoir a thabhairt do shaoránaigh conas tacaíocht a thabhairt don tionscnamh.
- Déan cinnte go bhfuil áit shlán dhaingean agat chun na foirmeacha atá líonta amach a stóráil (m.sh. spás stórála faoi ghlas).
- Priontáil cártaí poist nó cártaí gnó le tabhairt dóibh siúd a bhfuil spéis acu sa chúis atá agat ach atá ag iarraidh an tionscnamh a shíniú ag céim níos faide anonn nó ar líne.



# 3
# Sínithe a bhailiú ar líne

**Déantar ráitis tacaíochta a bhailiú ar líne den chuid is mó. Is bunchloch de thionscnamh rathúil é an córas bailithe ar líne.**

Eagraithe ar mian leo ráitis tacaíochta a bhailiú ar líne, ní mór dóibh úsáid a bhaint as Lárchóras Bailithe ar Líne an Choimisiúin.

Seo a leanas na buntáistí a bhaineann leis an Lárchóras Bailithe ar Líne:

1. Córas saor in aisce atá inrochtana ag daoine faoi mhíchumas
2. Sonraí a bhailítear agus a stóráiltear go díreach ar fhreastalaithe an Choimisiúin
3. An fhéidearthacht ríomhphoist a chur chuig sínitheoirí a bhfuil a seoltaí ríomhphoist fágtha acu chun na críche sin
4. Tacaíocht theicniúil agus oiliúint a chuirfidh an Coimisiún ar fáil
5. Córas trínar féidir leaganacha scanta na ráiteas tacaíochta a bailíodh i bhfoirm páipéir a uaslódáil (roghnach)
6. Níl gá le haon nós imeachta deimhniúcháin.

Tabhair do d’aire go bhfuil roinnt roghanna sna bogearraí chun iad a shaincheapadh (m.sh. lógó, dath an chúlra, naisc leis na meáin shóisialta srl.) ach nach féidir leat feidhmeanna eile a chur leis.

(

